# An Coiste Achomhairc Foraoiseachta

Tuairisc an Chathaoirligh 2021



An Coiste Achomhairc
Foraoiseachta

Forestry Appeals Committee

**Don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara**

De réir fhorálacha Alt 14(4) den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, arna leasú, cuirtear isteach leis seo tuarascáil Chathaoirleach an Choiste Achomhairc Foraoiseachta do 2021.



Des R Johnson
Cathaoirleach, An Coiste Achomhairc Foraoiseachta
An 04 Márta 2022

*An Oifig Achomhairc Talmhaíochta*
*Cúirt Choill Mhinsí Bóthar Bhaile Átha Cliath*
*Port Laoise*
*Co. Laoise*
*Fón: 057 8667167*
*Ríomhphost:* forestry@agriappeals.gov.ie
*Láithreán Gréasáin:* An Oifig Achomhairc Talmhaíochta - An Coiste Achomhairc Foraoiseachta (www.agriappeals.gov.ie)

# Clár Ábhar


An Coiste Achomhairc Foraoiseachta – Tuarascáil Bhliantúil 2021 4

Cuspóir na Tuarascála seo 4

Cúlra 4

Forléargas ar Nós Imeachta FAC 5

Treochtaí Achomhairc 6

Struchtúr, Gníomhaíochtaí agus Comhaltaí an Choiste 7

Ról Neamhspleách an FAC 8

Éisteachtaí FAC 8

Formáid na nÉisteachtaí 10

Staidreamh 10

Líon Foriomlán na nAchomharc 10

Cinntí Foilsithe 11

An t-Am a Thógtar chun Achomhairc a Chinneadh 12

Catagóir na gCinntí 12

Toradh na gCinntí 13

Achomhairc a cuireadh isteach agus Táillí 14

Achomhairc Neamhbhailí agus Tarraingthe Siar 15

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 15

Dlíthíocht 15

Cruinnithe Páirtithe Leasmhara 15

Nósanna Imeachta Riaracháin FAC 16

Láithreán Gréasáin 16

Tráchtaireacht 16

# An Coiste Achomhairc Foraoiseachta – Tuarascáil Bhliantúil 2021

## Cuspóir na Tuarascála seo

Comhlíonann an tuarascáil seo ceanglas dlíthiúil an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, a leasaíodh leis an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 chun alt 14 (4) a chur isteach a éilíonn ar Chathaoirleach an Choiste Achomhairc Foraoiseachta tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (an tAire) ar a c(h)uid gníomhaíochtaí, agus ar ghníomhaíochtaí an Choiste, faoin Acht seo i rith na bliana sin.

## Cúlra

Leasaíodh an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 ar dtús leis an Acht Foraoiseachta 2014 chun Alt 14A nua a chur san áireamh a rinne foráil do sheirbhís achomhairc nua i gcoinne cinntí a rinne an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) ar iarratais ar cheadúnas foraoiseachta. I measc na gcinntí ar iarratais ar cheadúnú foraoiseachta tá leagan, foraoisiú, bóithre foraoise agus leasú ón aer. Mar thoradh ar an reachtaíocht bhunaigh an tAire an Coiste Achomhairc Foraoiseachta (FAC) in 2018. Feidhmíonn an FAC ar bhonn reachtúil ar leithligh leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Soláthraíonn an Oifig Achomhairc Talmhaíochta an tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta don FAC, áfach, agus chomh maith lena bhfeidhmeanna achomhairc talmhaíochta, féadfar Oifigigh Achomhairc a cheapadh mar chomhaltaí den FAC.

Go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí an FAC ag feidhmiú mar choiste de cheathrar, is é sin an Cathaoirleach agus triúr gnáthchomhalta, iad ar fad ceaptha ag an Aire. Reáchtáiltear na héisteachtaí dhá lá gach seachtain. Leasaíodh an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 leis an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 mar a cuireadh tús leis an 6 Deireadh Fómhair 2020, agus tháinig an tAcht nua agus Rialacháin ghaolmhara i bhfeidhm ar an dáta sin. Rinneadh foráil sna leasuithe do FAC (i measc forálacha eile dá dtagraítear níos déanaí sa tuarascáil seo) chun suí i Rannáin. Ceapadh seisear comhaltaí breise den Choiste, agus ceapadh ceathrar de na comhaltaí sin mar Leas-Chathaoirligh. Tá taithí fhairsing ag na comhaltaí seo, go háirithe i réimsí na nósanna imeachta rialála agus na dTreoracha ábhartha AE. Tar éis na comhaltaí nua a cheapadh, reáchtáladh oiliúint ionduchtaithe, a d'eagraigh agus a chuir Cathaoirleach agus foireann bhunaithe an FAC i láthair. Ceapadh rúnaí do gach Rannán chun tacaíocht riaracháin a chur ar fáil.

Cuireadh tús le héisteacht na n-achomharc ag ceithre Rannán den FAC i mí na Samhna agus tionóladh é cúig lá gach seachtain, agus fágadh gach ceathrú seachtain saor ó éisteachtaí chun am a cheadú chun litreacha breithe a eisiúint. Suas go dtí srianta Covid 19, shuigh an FAC go pearsanta i bPort Laoise agus ina dhiaidh sin, go leictreonach. Tháinig sé seo sna sála ar fhoilsiú I.R. Uimh. 411/2020 - An tOrdú um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Comhlacht Ainmnithe - Talmhaíocht) 2020.

Bhain leasuithe suntasacha eile a tugadh isteach tríd an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 le táillí a thabhairt isteach chun achomhairc a dhéanamh, Leas - Chathaoirligh a cheapadh, agus leasú ar na roghanna atá ar fáil don FAC agus cinntí á ndéanamh ar achomhairc. Soiléiríonn an reachtaíocht go dtionóltar Éisteachtaí ó Bhéal de réir mar is rogha leis an FAC, agus déantar foráil inti go n-eiseoidh an tAire treoracha ginearálta beartais chuig an FAC.

## Forléargas ar Nós Imeachta FAC

Go dtí seo, chuir tríú páirtithe formhór na n-achomharc isteach agus baineann siad go príomha le cúrsaí comhshaoil, le cur i bhfeidhm fhorálacha Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta an Aontais Eorpaigh (EIA), na nGnáthóg agus na nÉan, agus na gCreat-Treoracha Uisce. Nuair a eisíonn an DAFM cinneadh ar iarratas ar cheadúnas foraoiseachta, fógraítear é ar thairseach na Roinne (www.gov.ie). Ag tús 2021 rinneadh cinntí ábhartha maidir le ceadúnais foraoiseachta ar feadh tréimhse 28 lá ina bhféadfadh an t-iarratasóir nó aon pháirtí eile a bhí míshásta leis an gcinneadh achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig FAC neamhspleách. Ó Iúil 2021, leasaigh I.R. Uimh. 353 de 2021 an tréimhse seo go 14 lá ó dháta chinneadh an Aire. Le linn na tréimhse seo, ní fhéadfar aon oibríochtaí foraoiseachta a thosú de bhun an cheadúnais a bhfuil achomharc á dhéanamh ina leith. A luaithe a dhéantar achomharc, cuirtear an ceadúnas ar stad go dtí go bhfaightear toradh an achomhairc.

Féadfaidh ceadúnas a bheith faoi réir achomharc amháin nó níos mó. Is faoin FAC atá sé cinneadh a dhéanamh ar bhailíocht an achomhairc, an éisteacht a sceidealú agus an t-achomharc a éisteacht, agus a chinneadh ar an achomharc a eisiúint. Soláthraíonn an FAC foirm fógra achomhairc nach mór a chomhlánú agus achomharc á dhéanamh agus ní mór d'achomharcóir forais iomlána an achomhairc agus aon cháipéisíocht ar mian leo brath uirthi a chur ar fáil. Breithnítear aon aighneachtaí breise de réir rogha an FAC. Cuireann an FAC achomharc i gcoinne cinnidh in iúl d'oifigigh an DAFM. Foilsíonn an DAFM liosta d'achomhairc foraoiseachta ar a láithreán gréasáin. Thar ceann an Aire, féadfaidh oifigigh an DAFM ráiteas a ullmhú ina léireofar a mhéid a ligtear isteach na fíricí agus na hargóintí a chuireann an t-achomharcóir chun cinn nó a ndéantar díospóid fúthu agus aon fhaisnéis agus doiciméid atá faoi smacht an Aire agus a bhaineann leis an achomharc a chur isteach. Ó thús 2021 tá rochtain phoiblí curtha ar fáil ag láithreán gréasáin an DAFM ar dhoiciméid cheadúnais de réir mar a thagann iarratais nua chun cinn agus cuireann an FAC gach páirtí ar an eolas faoin bhfaisnéis seo le linn an phróisis achomhairc. I gcás achomharc tríú páirtí, cuirtear iarratasóir an cheadúnais ar an eolas faoin achomharc freisin agus féadfaidh sé ráitis agus doiciméid a chur faoi bhráid an FAC mar fhreagra ar an achomharc. Féadfaidh FAC tuilleadh faisnéise a iarraidh ar na páirtithe san achomharc nó ar dhaoine nó ar chomhlachtaí eile, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit, de réir mar is cuí leis. Chun éifeachtúlacht an phróisis achomhairc a éascú, nó i gcásanna a bhaineann le hábhair an-speisialaithe, d'fhostaigh an FAC sainchomhairleoirí seachtracha chun tuarascálacha a sholáthar. Sa chás go gcuirtear tuarascálacha seachtracha den sórt sin san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta

achomhairc, tugtar ar aird iad sa chinneadh agus foilsítear iad in éineacht le cinneadh FAC ar láithreán gréasáin FAC.

Sa chás go measann an FAC go bhfuil gá le héisteacht ó bhéal, déanfaidh sé ceann a sceidealú agus cuirfidh sé na páirtithe san achomharc ar an eolas. Féadfaidh an FAC a chur ar an eolas agus/nó a iarraidh ar pháirtithe eile agus ar chomhlachtaí atreoraithe freastal ar an éisteacht ó bhéal, lena n-áirítear Comhlachtaí Stáit. Tá rogha ag Cathaoirleach an Rannáin a éisteann an t-achomharc maidir le seoladh éisteachta ó bhéal mar a fhoráiltear sa reachtaíocht agus féadfaidh sé treoracha a eisiúint do pháirtithe le linn éisteachta ó bhéal.

Beidh cinntí FAC i scríbhinn agus áireofar iontu na cúiseanna atá leis an gcinneadh agus eiseofar chuig na páirtithe iad go pras tar éis do gach comhalta reatha iad a chomhaontú. Tá cinneadh FAC críochnaitheach dochloíte agus nuair a eisítear é níl aon ról dlíthiúil eile ag an FAC sa chinneadh achomhairc nó ceadúnais, cé gur féidir agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh FAC ar fhorais nós imeachta trí iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach ag an Ard-Chúirt.

Ó bunaíodh FAC, bhí méadú suntasach tagtha ar líon na n-achomharc bliain i ndiaidh bliana go dtí 2020 agus bhí laghdú suntasach tagtha orthu le linn 2021 tar éis na n-athruithe reachtacha a thabhairt isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar an treocht ó 2018 go 2021: -

## Treocht na nAchomharc

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Achomhairc Faighte | 34 | 197 | 489 | 874 | 149 | 1,742 |
| Cinntí ceadúnais a ndearnadh achomharc orthu | 21 | 150 | 311 | 582 | 107 | 1,171 |

- *Is féidir níos mó ná achomharc amháin a dhéanamh in aghaidh chinneadh ceadúnais ón Aire*



## Struchtúr, Gníomhaíochtaí agus Comhaltaí an Choiste

Go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2020, rinneadh foráil sa reachtaíocht lena rialaítear FAC nach n-éistfeadh ach coiste amháin le hachomhairc. Rinneadh foráil leis na leasuithe a tugadh isteach leis an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 chun Rannáin bhreise den FAC a bhunú chun déileáil le hachomhairc ar bhealach níos gasta. Tar éis an reachtaíocht seo a thabhairt isteach, ceapadh comhaltaí breise ar an gcoiste chun fónamh mar Leas-Chathaoirligh agus mar ghnáthchomhaltaí. Chiallaigh ceapachán ceathrar Leas-Chathaoirleach a bhfuil an - taithí acu go raibh an Coiste in ann oibriú i gceithre Rannán, agus an Cathaoirleach reatha in ann i bhfad níos mó cásanna a éisteacht. Le linn 2021 bhain an FAC leas freisin as seirbhísí beirt chomhalta bhreise den choiste seachtrach

Déantar acmhainní a leithdháileadh go leanúnach i gcomhairle leis an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta. Maidir leis sin, cuireann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta tacaíocht riaracháin ar fáil don FAC freisin, agus féadfar na hOifigigh Achomhairc a cheaptar don Oifig Achomhairc Talmhaíochta a cheapadh mar chomhaltaí den FAC freisin. Tá trí Oifigeach Achomhairc déag san Oifig Achomhairc Talmhaíochta, ar sannadh beirt acu go buan don FAC i rith 2021, agus déantar Oifigigh Achomhairc Talmhaíochta eile a rothlú ar FAC, de réir mar is gá.

D'fhóin na comhaltaí seo a leanas ar rannáin an FAC in 2021: -

| Ainm | Stádas |
|---|---|
| Des Johnson | Cathaoirleach |
| Donal Maguire | Leas-Chathaoirleach |
| John Evans | Leas-Chathaoirleach |
| Myles McDonagh | Leas-Chathaoirleach |
| Seamus Neely | Gnáthchomhalta/Leaschathaoirleach (cuid den bhliain) |
| Derek Daly | Gnáthchomhalta |
| Iain Douglas | Gnáthchomhalta |
| Luke Sweetman | Gnáthchomhalta |
| Vincent Upton | Gnáthchomhalta |
| Dan Molloy | Gnáthchomhalta (cuid den bhliain) |
| James Conway | Gnáthchomhalta (cuid den bhliain) |
| Mary Lawlor | Gnáthchomhalta (cuid den bhliain) |
| Pat Coman | Gnáthchomhalta (cuid den bhliain) |
| Paula Lynch | Gnáthchomhalta (cuid den bhliain) |

Chuir Ardoifig Feidhmiúcháin amháin, triúr Oifigeach Feidhmiúcháin agus beirt oifigeach Cléireachais tacaíocht riaracháin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ar fáil don FAC.

Ina theannta sin, cuireadh triúr comhairleoirí cáilithe agus neamhspleácha ar conradh chun cabhrú leis an FAC doiciméid a ullmhú do Rannáin an choiste. Bhí poist theicniúla shinsearacha ag an triúr a ceapadh roimhe seo laistigh den Bhord Pleanála.

| Comhairleoir | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|
| An tUas. Michael Walsh | 15/10/2020 |
| An tUasal Padraic Thornton | 24/01/2020 |
| Mary Cuneen Uasal | 24/01/2020 |

Bhí an Dr Alan Fielding, éaneolaí comhairleach, fostaithe freisin chun tuarascáil a ullmhú don FAC ar shaincheisteanna éaneolaíochta a ardaíodh i 13 achomharc aonair. D'fhreastail an t-éaneolaí comhairleach freisin ar éisteachtaí ó bhéal na n-achomharc seo, a tionóladh i mí na Samhna 2021.

## Ról Neamhspleách an FAC

Is é an tAire a cheapann an Cathaoirleach, na Leas-Chathaoirligh agus Comhaltaí an FAC. Éilíonn an reachtaíocht go mbeidh an FAC neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Cuireadh gach Cathaoirleach agus Gnáthchomhalta ar an eolas faoi ról neamhspleách an FAC nuair a ceapadh iad agus, sula suífidh siad ag éisteacht aon achomhairc, déanann gach Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach agus Gnáthchomhalta dearbhú aonair maidir le haon choinbhleacht leasa. I gcúinsí ina measann Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach nó comhalta go bhféadfadh aon choinbhleacht leasa a bheith ann déanann sé/sí é/í féin a scaoileadh ó éisteacht agus ó bhreithniú an achomhairc. Coimeádtar nóta de na dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa/gan aon choinbhleacht leasa ar an gcomhad ábhartha.

# Éisteachtaí FAC

Éisteann an FAC le hachomhairc ó bhéal agus le hachomhairc nach achomhairc ó bhéal iad araon de réir mar a mheastar iad a bheith riachtanach. Reáchtáladh éisteachtaí go cianda i rith 2021 go ginearálta mar gheall ar shrianta agus treoirlínte Covid-19 agus de réir na reachtaíochta. Bhí eisceachtaí ann áfach agus, sna cásanna seo, cloíodh go docht le prótacail Covid. Maireann na héisteachtaí ó bhéal ar feadh 1 uair an chloig agus 15 nóiméad ar a mhéad. Scaiptear réamhrá agus clár oibre ar na páirtithe go léir roimh ré. Tar éis na héisteachta agus a luaithe a dhéantar cinneadh, tugtar fógra i scríbhinn do gach páirtí, agus foilsítear cinntí ar láithreán gréasáin an FAC (www.agriappeals.gov.ie). Ina theannta sin, nuair a bhí tuarascáil chomhairleora ullmhaithe don Choiste, foilsíodh é seo freisin.

Le linn na tréimhse Eanáir 2021 go Nollaig 2021 d'éist an FAC le hachomhairc a bhaineann le 405 ceadúnas. Sular bunaíodh na Rannáin bhreise tar éis fhorálacha na reachtaíochta nua i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí thart ar 24 ceadúnas á n-éisteacht ag an FAC gach mí. In 2021, d'éist an FAC le hachomhairc i gcoinne 34 ceadúnas ar an meán in aghaidh na míosa. Le linn 2021, bhí na forais achomhairc a chuir achomharcóirí isteach níos cuimsithí agus níos casta.




Le linn 2021 rinneadh éisteachtaí cúig lá sa tseachtain ar an meán. Faoi láthair, suíonn Rannán amháin dhá lá sa tseachtain agus suíonn na trí Rannán eile lá amháin gach seachtain. Seachas cásanna a bhaineann le hachomharcóirí iomadúla, is é an meánfhad ama le haghaidh Éisteachta ó Bhéal 1 uair 15 nóiméad. Reáchtálann gach Rannán, ar an meán, 4 Éisteacht ó Bhéal gach lá suí.

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar an bhformáid éisteachta :-

| Coiste | Líon na laethanta suí in aghaidh na seachtaine le linn 2021 | Líon na n-éisteachtaí in aghaidh na seachtaine |
|---|---|---|
| **Coiste 1** | 2 | 6 |
| **Coiste 2** | 1 | 4 |
| **Coiste 3** | 1 | 4 |
| **Coiste 4** | 1 | 4 |
| **Iomlán** | 5 | 18 |

Ionas go mbeadh rannáin iolracha den FAC in ann suí, leithdháileadh roinnt comhalta chun suí ar níos mó ná Rannán amháin in aghaidh na seachtaine. Chinntigh an cur chuige seo gur oibrigh gach Rannán ar an gcaighdeán ard céanna agus é mar aidhm aige torthaí comhsheasmhacha ar ardchaighdeán a bhaint amach ar fud Rannáin éagsúla an FAC, chun leasa na bpáirtithe uile lena mbaineann agus chun leasa an phobail. As seo amach in 2022 déanfar roinnt comhalta de na Rannáin a rothlú arís ó am go ham chun comhsheasmhacht agus rialú cáilíochta a chinntiú i gcinnteoireacht. Tá an rogha dhá Rannán nó níos mó a reáchtáil ar an lá céanna ar fáil nuair nach meastar go bhfuil gá le héisteachtaí ó bhéal. De ghnáth ní dhéanfaidh an FAC achomhairc éisteachta ó bhéal a sceidealú le reáchtáil i gcomhthráth ag Rannáin áfach toisc go bhféadfadh sé seo tionchar diúltach a imirt ar an gcéad agus ar an tríú páirtí agus ar an DAFM, sa mhéid is go mb'fhéidir nach mbeidh siad in ann freastal ar gach éisteacht ó bhéal, agus go bhféadfadh impleachtaí a bheith aige sin do nósanna imeachta córa.

Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an gCathaoirleach, i gcomhairle le Stiúrthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta, ar bhealaí inar féidir níos mó éifeachtúlachta a bhaint amach ar fud Rannáin an FAC. Maidir leis sin, tá breithniú á dhéanamh ag an gCathaoirleach agus ag na Leas-Chathaoirligh ar bhealaí ina bhféadfaí líon na n-achomharc atá á n-éisteacht, agus cinntí arna n-eisiúint a chinneadh laistigh de thréimhse ama níos giorra, agus nósanna imeachta cothroma, comhsheasmhacht agus rialú cáilíochta á gcothabháil ag an am céanna. I measc na srianta follasacha atá le breithniú tá aird chuí a thabhairt ar na forais achomhairc, cloí le forálacha na dTreoracha Eorpacha ábhartha, litreacha cinnteoireachta a dhréachtú atá láidir agus fónta ó thaobh an dlí de, agus cumas na rannóige riaracháin freastal ar Rannáin FAC. Chun ardchaighdeán a shaothrú sa phróiseas cinnteoireachta agus chun a chinntiú go bhfuil próiseas éifeachtach agus éifeachtúil i bhfeidhm, tagann an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh le chéile go rialta chun saincheisteanna a thagann chun cinn in éisteacht achomharc agus i gcomhlíonadh cinntí achomhairc a phlé

## Formáid na nÉisteachtaí

Shoiléirigh comhairle dlí a lorg agus fuair an FAC maidir le héisteachtaí ó bhéal do chásanna a cuireadh isteach sular tugadh isteach an tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020, go bhféadfadh an FAC achomhairc a fuarthas tar éis thosach feidhme na reachtaíochta sin a éisteacht gan éisteacht ó bhéal a thionól i gcúinsí nár mheas an FAC go raibh gá le héisteacht ó bhéal. Breithníonn an FAC gach achomharc, ar bhonn cás ar chás, chun a chinneadh an bhfuil gá le héisteacht ó bhéal. Ag féachaint do chleachtas seanbhunaithe, lean an FAC d'Éisteachtaí ó Bhéal a thionól nuair a iarradh orthu ar achomhairc a fuarthas roimh na hathruithe reachtacha. Faoin reachtaíocht nua, is faoi lánrogha an FAC amháin atá sé Éisteachtaí ó Bhéal a reáchtáil, cibé acu a iarradh Éisteacht ó Bhéal nó nár iarradh. Thionóil an FAC 19 éisteacht ó bhéal ar achomhairc a cuireadh isteach tar éis na n-athruithe reachtacha.

# Staidreamh

Tá feidhm ag an staidreamh seo a leanas maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 agus tugtar forléargas ann ar ghníomhaíocht FAC.

## Líon Foriomlán na nAchomharc

In Eanáir 2021 bhí 392 ceadúnas faoi réir achomhairc a tugadh anonn ó na blianta roimhe seo. Rinneadh achomharc ar 107 ceadúnas eile le linn 2021. Le linn 2021, dúnadh 463 cás, lena n-áirítear ceadúnais gan réiteach a bhí faoi achomharc ó bhlianta roimhe seo. Mar thoradh air sin, glanadh gach achomharc ar riaráiste agus is féidir achomhairc nua a chinneadh go tráthúil.




## Cinntí a Foilsíodh

Le linn 2021, foilsíodh cinntí a rinne an FAC ar láithreán gréasáin an FAC (www.agriappeals.gov.ie). Cuirtear measúnuithe a dhéanann an FAC chun bonn eolais a chur faoina chinneadh, agus aon tuarascálacha ó chomhairleoirí a chuirtear san áireamh, ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin. Déantar an láithreán gréasáin a nuashonrú ar bhonn seachtain ar sheachtain. Foilsíodh 435 cinneadh le linn 2021. Soláthraíonn an tábla seo a leanas miondealú míosúil:




| Mí | Ean | Feab h | Már | Aib | Beal | Meit h | Iúil | Lún | MF | DF | Sam h | Noll | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cinntí a foilsíodh | 64 | 61 | 33 | 73 | 36 | 37 | 45 | 7 | 30 | 37 | 6 | 6 | 435 |

## An t-am a Thógtar chun Achomhairc a Chinneadh

Ón dáta a éistear le hachomharc go dtí go bhfaigheann na páirtithe san éisteacht cinneadh, tógann sé 21 lá ar an meán. Athraíonn an tréimhse ó chás go cás, ag brath ar ábhair amhail cineál agus castacht na bhforas achomhairc a thaisctear.

## Catagóir na gCinntí

I measc na gceadúnas foraoiseachta ar féidir achomharc a dhéanamh orthu tá na catagóirí seo a leanas:

- Leagan
- Foraoisiú
- Bóithre Foraoise
- Toirchiú ón aer

Tugtar breac-chuntas ar na catagóirí cásanna a cinneadh in 2021 sa tábla thíos: (Faigh Figiúirí)

| Cineál Ceadúnais | Foraoisiú | Leagan | Bóthar Foraoise |
|---|---|---|---|
| Líon na gCinntí | 135 | 213 | 87 |




- Ní dhearnadh aon achomhairc a bhain le cinntí maidir le ceadúnas Toirchiú ón Aer

## Toradh na gCinntí

Go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2020, sholáthair an reachtaíocht a rialaíonn an FAC trí rogha cinnidh agus achomharc á chinneadh. Ba iad na roghanna a bhí ar fáil ná cinneadh a dheimhniú, a chealú nó a athrú. Tar éis leasuithe a thabhairt isteach tríd an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 cuireadh na roghanna seo a leanas ar fáil don FAC agus achomhairc á gcinneadh:

(a) an bhreith a dhaingniú, nó

(b) i gcás inar deimhin leis go ndearnadh earráid thromchúiseach nó shuntasach nó sraith earráidí le linn an cinneadh is ábhar don achomharc a dhéanamh nó go ndearnadh an cinneadh gan nós imeachta cóir a chomhlíonadh:-

(i) an cinneadh a athrú;

(ii) an t-achomharc a cheadú agus an cinneadh a chur ar ceal;

(iii) an cinneadh a chur ar ceal agus é a tharchur, ar chúiseanna sonraithe, chuig an Aire; nó

(iv) i gcás gur cuí leis an gCoiste déanamh amhlaidh, faoi threoir aighneachtaí, doiciméad, nó fianaise os a chomhair nach ndearna an tAire iad a bhreithniú nó ar chúis mhaith eile, a chinneadh a chur in ionad chinneadh an Aire.

Seo a leanas miondealú ar na cineálacha cinntí in 2021: -

| Cinneadh | Daingniú | Curtha i leataobh agus Ceadaithe | Curtha i leataobh agus Tarchurtha | Athraithe |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCinntí** | 230 | 13 | 138 | 54 |



## Achomhairc a Cuireadh isteach agus Táillí

Beart eile a tugadh isteach faoi na leasuithe ar an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 leis an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 ab ea táille a thabhairt isteach chun achomharc a thaisceadh. Tá an táille socraithe faoi láthair ag €200 in aghaidh an achomhairc aonair. In 2020, fuair an FAC 80 achomharc ar an meán gach mí. In 2021 fuair an FAC 13 achomharc ar an meán in aghaidh na míosa.




Tugtar forbhreathnú sa tábla seo thíos ar chatagóir na n-achomharc bailí a cuireadh isteach i 2021: -

| Contae | Foraoisiú | Leagan | Bóithre Foraoise |
|---|---|---|---|
| An Cabhán | 9 | | |
| An Clár | 1 | 3 | 1 |
| Corcaigh | 2 | 2 | 1 |
| Dún na nGall | | 4 | 1 |
| Gaillimh | 6 | 2 | 2 |
| Ciarraí | 2 | 4 | 1 |
| Cill Chainnigh | | 1 | |
| Laois | | 2 | |
| Liatroim | 52 | 3 | 2 |
| Luimneach | 4 | 3 | 3 |
| An Longfort | | | 1 |
| Lú | 1 | | |
| Maigh Eo | 7 | | |
| Uíbh Fhailí | 1 | 1 | |
| Ros Comáin | 7 | 1 | 2 |
| Sligeach | 8 | 2 | |
| Tiobraid Árann | 4 | 1 | |
| Port Láirge | | 1 | |
| Cill Mhantáin | | 1 | |
| Iomlán | 104 | 31 | 14 |

In 2021 fuair an FAC táillí suas le €21,800 le haghaidh 109 achomharc bailí.

### Achomhairc Neamhbhailí agus Tarraingthe Siar

As na 149 achomharc a fuarthas in 2021, tarraingíodh siar 5 achomharc, tarraingíodh siar 10 gceadúnas, agus chuir riarachán FAC 27 achomharc ó bhail:

- Fuarthas 15 déanach, fuarthas iad tar éis an spriocdháta reachtúil
- Bhí 4 cinn nach raibh aon táille leis an bhfoirm fógra achomhairc
- Rinneadh 2 achomharc dúblach, a fuarthas cheana féin
- Bhí an fhoirm fógra achomhairc neamhiomlán i 2 cheann
- Ní raibh aon fhoirm fógra achomhairc le 2 acu
- Bhí 2 nach raibh forais leordhóthanacha achomhairc curtha isteach

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE)

Le linn 2021 fuair agus dhún an FAC 165 iarratas AIE, tugadh 3 cinn eile ar aghaidh ó 2020. As na 168 cás a dúnadh, cuireadh síneadh míosa i bhfeidhm in 27 cás sular eisíodh cinneadh, rinneadh cinneadh maidir le gach cás eile laistigh de mhí amháin ón dáta a fuarthas iad. Is éard a bhí i gcinntí AIE 36 cinn a deonaíodh, 75 cinn a deonaíodh i bpáirt agus 57 cinn a diúltaíodh. As na 168 cinneadh, d'iarr na hiarrthóirí athbhreithniú inmheánach i 22 cás. Mar thoradh ar na hathbhreithnithe inmheánacha seasadh le 4 chinneadh, seasadh le 14 cinn acu i bpáirt agus cúlghaireadh 4 cinn.

## Dlíthíocht

Féadfar agóid a dhéanamh i gcoinne gach cinneadh de chuid an FAC leis an Ard-Chúirt trí iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach.

In 2021, tionscnaíodh imeacht Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh (JR) amháin i gcoinne an FAC. Ina theannta sin, bhí trí chás den sórt sin oscailte ó 2020, bhain dhá cheann acu leis an gcinneadh FAC céanna. Le linn 2021 bhí cás eile a tionscnaíodh in 2020, a tugadh go príomha ar fhorais nós imeachta córa, faoi réir breithiúnais le linn 2021 agus seasadh le cinneadh FAC agus diúltaíodh an faoiseamh a bhí á lorg don Iarratasóir JR.

## Cruinnithe Páirtithe Leasmhara

Ar iarratas ó pháirtithe leasmhara, bhí an Cathaoirleach le cruinniú páirtithe leasmhara a reáchtáil go déanach in 2021 ach cuireadh é seo siar le comhaontú an pháirtí leasmhar mar gheall ar shrianta leanúnacha Covid-19 agus déanfar é a athsceidealú in 2022. Féadfar cruinnithe breise a thionól i rith na bliana seo chugainn ar iarratas ó pháirtithe leasmhara.

# Nósanna Imeachta Riaracháin FAC

Faoi fhorálacha an Achta Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020, tá treoirlínte dréachtaithe ag an FAC maidir lena oibríochtaí agus a nósanna imeachta lena bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a luaithe a bheidh siad críochnaithe. Reáchtáladh éisteachtaí go cianda i rith 2021 go ginearálta mar gheall ar shrianta agus treoirlínte Covid-19. Roimhe seo, chuir foireann riaracháin an FAC comhaid pháipéir ar fáil don choiste roimh gach éisteacht. Ag teacht le srianta Covid-19, d'fhorbair an fhoireann riaracháin nós imeachta nua chun ligean do na comhaid a roinnt go leictreonach. Ag baint úsáide as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil, is éard atá i gceist leis seo córas comhroinnte scamall ar líne a úsáid chun comhaid, sceidil agus faisnéis a roinnt go slán le gach comhalta de FAC.

Déanann foireann riaracháin FAC do gach Rannán gach éisteacht don FAC a sceidealú agus a óstáil trí WebEx. Ligeann an córas WebEx do gach páirtí páirt a ghlacadh san éisteacht trí nasc gréasáin, tríd an bhfeidhmchlár WebEx nó ar an teileafón. Cuireann foireann riaracháin FAC an córas comhroinnte scamall i bhfeidhm freisin leis na hábhair uile a bhaineann le hachomharc ón gcomhad achomhairc sula reáchtáiltear éisteachtaí. Bhí na nósanna imeachta nua a cuireadh i bhfeidhm an-éifeachtach agus an-éifeachtúil agus chuir siad ar chumas an FAC leanúint ar aghaidh ag reáchtáil a n-éisteachtaí le linn shrianta Covid-19.

# Láithreán Gréasáin

Is é seoladh láithreán gréasáin an FAC www.agriappeals.gov.ie/forestryappealscommittee/ agus soláthraíonn sé rochtain ar líne ar gach cinneadh de chuid an FAC agus míniú ar théarmaíocht an chinnidh. Tá rochtain ar an bhfoirm Fógra Achomhairc chomh maith le faisnéis maidir le hiarratais faoi fhorálacha AIE, mar aon le nasc chuig reachtaíocht agus foilseacháin, agus le rialacha agus nósanna imeachta FAC (*á nuashonrú tráth na tuarascála seo*). Foilsítear cinntí an FAC agus comhdaítear iad go seachtainiúil ar an láithreán, déantar scarbhileog Excel a nuashonrú go seachtainiúil ar an láithreán gréasáin le comhlánú iomlán ar na cinntí, ar féidir iad a chuardach go héasca.

# Tráchtaireacht

Roimh 2022, tá riaráiste na n-achomharc oidhreachta glanta, a bhuíochas sin do na Leas-Chathaoirligh, do na gnáthchomhaltaí, agus do rannóg riaracháin an FAC. Le bliain anuas bhí deacrachtaí uathúla ann maidir le hachomhairc a éisteacht agus a phróiseáil, mar gheall ar na srianta a chuir an phaindéim i bhfeidhm. Sna cúinsí deacra a cuireadh i láthair, le comhoibriú iarratasóirí, achomharcóirí, an DAFM agus comhlachtaí atreoraithe, ceadaíodh achomhairc a phróiseáil go héifeachtúil agus cinntí a eisiúint go tráthúil. Le baint srianta Covid agus úsáid comhad leictreonach, meastar gur féidir tuilleadh éifeachtúlachtaí a bhaint amach, agus féadfar an meán-am a thógfaidh sé achomhairc a phróiseáil agus cinntí a eisiúint a laghdú tuilleadh.